# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a'Mhíl

# Cáisc 2022

## Club Bricfeasta



Bhí Club Bricfeasta ag Rang na nGleoiteoga le gairid. Bhí seans acu tósta, callóga abhair agus sú oráiste a ithe le chéile. Thaitnin sé go mór leo!

## Cluichí Boird



Gach mí bíonn na hardranganna ag imirt cluichí bord le chéile. Leis an tionchar a bhíonn ag teacht ó scáileáin faoi láthair, ní bhíonn mórán seans againn na cluichí traidisiúnta a imirt. Agus le gairid thosaigh said ag imirt fichille sa rang freisin.
Baineann na gasúir an-sásamh astu!

## Sochraid Mhícheál Mac Con Iomaire 17/2/22



Bhásaigh Mícheál Mac Con Iomaire, iar-phríomhoide na scoile seo ar an 12ú Feabhra. Chaith sé os cionn leath dhá shaol múinteoireacht anseo i Ros a'Mhíl. Rinne muid garda onóracha dó taobh amuigh den scoil ar lá na sochraide.

*Beannacht Dé leat a Mhícheál agus ar dheis Dé go raibh d'anam uasal.*

## An chéad tionól tar éis 2 bhliain!! 28/2/22



B' é lá fíor speisialta an 28/4. B'shin an lá a raibh cead ag na gasúir a bheith bailiú le chéile mar scoil tar éis na srianta Covid a bhí orainn. Tá na gasúir breá sásta anois agus iad in ann spraoi lena gcairde go léir!

## Lá Domhanda na Leabhair 3/3/22



Ghléas gasúir na scoile suas mar charachtair ó leabhar mar chuid den ceiliúradh Lá Domhanda na Leabhair. Bhí gach cinéal carachtar ann ó Wally go dtí Spiderman. Bhí an-spraoi ag na gasúir!

## Cuairt ar Staisiún an Gharda Cósta 4/3/22




Bhí an-lá againn nuair a chuaigh an scoil uilig chuig Staísiún an Gharda Cósta i Ros a' Mhíl.



Chuaigh muid síos i dhá ghrúpa. Thaispeán na Gardaí Cósta chuile rud dúinn - an oifig, na báid tarrthála uilig, na feithiclí éigeandála agus ag an deireadh fuair muid pacáiste le léamh agus dathú uathu. D'fhoghlaim muid an oiread!

## Seó SCC 'Sister Act' 31/3/22




Fuair Rang 4, 5 agus 6 cuireadh don seó 'Sister Act' a bhí curtha ar stáitse ag an Idirbhliain SCC ar an gCeathrú Rua. Bhain said an-sult as agus bhí sé iontach iar-scolairí Cormac, Caoimhe Christina agus Aliaya a fheiceáil thuas ar an stáiste freisin!!

## Bliots Peile Gael Linn 4/4/22



Bhí an-lá againn ag na réamhbhabhtaí do chomórtas Gael Linn. Seo an chéad uair le beagnach 3 bliana ó bhí a leitheide ann de bharr na paindéime. Bhí bís orainn ar fad ag fanacht leis an lá. Rinne chuile dhuine a míle dícheall ar an lá agus mar is gnáth d'iompar chuile dhuine iad fhéin thar barr. Thug muid turas beag ar an bpáirc spraoi sula ndeachaigh muid abhaile freisin. Is an-ghrúpa iad agus bua an spóirt acu agus is iontach an rud é a chloisteáil go bhfuileadar páirteach lena gcumainn áitiúla nó le spórtanna difriúla. Ní féidir an spórt a bhualadh ó thaobh na haclaíochta, meabharshláinte agus cairdeas de.

**Seo roinnt pictiúir de Ealaín na Cásca atá déanta ag gasúir na scoile:**










Athoscailt na scoile:
25/4/22